# Cearta Leanaí a Fhíorú

Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha maidir le Cearta Leanaí do dhaltaí i **Rang a hAon, a Dó agus a Trí**

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25
Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education
DCU Institute of Education

## Clár Ábhar

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 2

Conas na hábhair seo a úsáid: Eolas do Mhúinteoirí 3

Gníomhaíocht 1: Cearta Leanaí a Léarscáiliú 4

Gníomhaíocht 2: Cearta Leanaí a Fhíorú 7

Gníomhaíocht 3: Gníomh! Aisling do Chearta Leanaí 10

Acmhainn 1: Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh 12

Acmhainn 2: Siombailí chearta leanaí 13

## A Phríomhoide agus a Mhúinteoir,

Mar an Ombudsman do Leanaí, is é ceann de mo chuid ról feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga agus lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Is éard is aidhm leis na hábhair Cearta Leanaí a Fhíorú ná cuidiú leat chun cearta leanaí a thaiscéaladh le bhur ndaltaí i gcomhthéacs na múinteoireachta agus na foghlama curaclaim. Forbraíodh na hábhair ag foireann oideachasóirí ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saonárnachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Fionnuala Waldron, le Brian Ruane, leis an Dr. Banjamin Mallon, le Rowan Oberman agus leis an Dr. Seline Keating as a gcuid oibre chun na hábhair a cheapadh.

Uaireanta fiafraíonn daoine dúinn cá háit a shainítear cearta leanaí. Is iad an dá phríomhphointe tagartha ná an Bunreacht, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), sraith de chaighdeán chearta daonna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

Dhaingnigh Éire an UNCRC i 1992. Trí sin a dhéanamh, rinne Éire gealltanas faoi dhlí idirnáisiúnta cearta na leanaí arna leagan amach sa Choinbhinsiún a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, gan leithcheal ar bith. I 2017, beidh sé 25 bliain ó rinne an Stát an gealltanas tábhachtach seo oibriú I dtreo chearta na leanaí faoin UNCRC a bhaint amach I saol laethúil leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn.

I 2016, thugamar faoi chomhairliúchán ar a dtugtar Tune In, a lorg tuairimí leanaí agus daoine óga ar an gcaoi ar mhaith leo go méadódh an OCO feasacht maidir le cearta leanaí I measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Is í an scoil an áit is minice a aithníodh inar mhaith le leanaí agus daoine óga eolas a fháil faoi chearta leanaí. Is múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is minice a aithníodh mar na daoine a bhfuil muinín ag leanaí agus daoine óga astu agus a bhfuil siad sásta eolas a fháil faoi chearta leanaí uathu.

I bhfianaise na dtorthaí sin agus i gcomhthéacs na comórtha 25 bliain, tá áthas orm gur féidir linn an tstraith ábhar Cearta Leanaí a Fhíorú a chur ar fáil do scoileanna. Tá súil agam go dtacóidh na hábhair le do chuid oibre agus go mbeidh tú féin agus do mhic léinn den tuairim go bhfuil siad oideachsúil agus taitneamhach.

Áirítear leis na hábhair aird thábhachtach chun tacú le leanaí agus daoine óg chun beart a chur I bhfeidhm I ndáil le cearta leanaí (féach Gníomhaíocht 3). Bheimis thar a bheith sásta dá n-inseodh sibh dúinn faoi ghníomh ar bith a ghlacfadh sibh trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag education@oco.ie nó trí teangmháil a dhéanamh linn ar Twitter (@OCO_ireland), Facebook (@OCOIreland) nó Instagram (@ombudsmanforchildren).



Míle buíochas,

Niall Muldoon

**Niall Muldoon**

An tOmbudsman do Leanaí
2017

## Conas na hábhair seo a usáid: Eolas do Mhúinteoirí

### Réamhrá ar na hábhair seo

Forbraíodh na hábhair seo d'Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun tacú le daltaí i Rang a hAon, a Dó agus a Trí (leanaí idir 7 agus 9 bliana d'aois nó mar sin) iniúchadh a dhéanamh agus beart a dhéanamh I ndáil le cearta leanaí.

### Na Gníomhaíochtaí

Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an acmhainn seo:

- **Gníomhhaíocht 1 – Cearta Leanaí a Léarscáiliú**
  Tuairimí agus smaointe na leanaí féin a ghlacadh mar an chéad chéim, forbraítear leis an ngníomhaíocht seo tuiscint ar chearta leanaí agus feasacht faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC).
- **Gníomhaíocht 2 – Cearta Leanaí a Fhíorú**
  Baintear leas sa ghníomhaíocht seo as léarscáil den phobal áitiúil chun cearta leanaí a cheangal le háiteanna ina bpobal áitiúil agus chun taiscéaladh na ról a fheidhmíonn daoine éagsúla ina bpobal áitiúil chun cabhrú le hurraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an linbh.
- **Gníomhaíocht 3 - Aicsean! Fís faoi Chearta Leanaí**
  Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí chun fís a chruthú do leanaí agus do chearta leanaí chun comhroinnt agus comhphlé le baill eile dá bpobal scoile agus leis an bpobal áitiúil.

### Acmhainní agus ábhair a ghabhann leis

Is féidir na hacmhainní a forbraíodh le linn na ngníomhaíochtaí a fháil ag deireadh an phacáiste seo agus cuirtear uimhreacha orthu chun cabhrú leat iad a aithint. Tá taispeántas sleamhnán de shiombailí a dhéanann ionadaíocht ar chearta leanaí faoin UNCRC agus póstaer den UNCRC ar fáil ar láithreán gréasáin an OCO chun tacaíocht bhreise a thabhairt do d'obair leis na leanaí. Soláthraíonn láithreán gréasáin an OCO Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí freisin, ina bhfuil eolas fhorlíontach, lena n-áirítear roinnt comhad fíricí, gluais téarmaí a bhaineann le cearta leanaí, agus naisc chuig roinnt láithreán gréasáin, a sholáthraíonn eolas bhreise a d'fhéadfadh cur le do chuid oibre d'fhonn cur chuigí seomra ranga agus scoile uile i ndáil le hoideachas cearta leanaí a fhorbairt.

### Prionsabail agus Cur Chuige Oideachasúil

Tá cúig shraith d'ábhair a bhaineann le Cearta Leanaí a Fhíorú, agus tá gach ceann dírithe ar aoisghrúpa áirithe leanaí agus daoine óga. Forbraíodh na hábhair ag baint úsáide as cur chuige bíseach maidir le pleanáil oideachais. Cé go bhforbraíodh na gníomhaíochtaí d'aoisghrúpaí sonracha agus gur féidir iad a úsáid mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha nó a rith mar shraith ceachtanna, tá roinnt príomhphrionsabal ann a thacaíonn le gach ceann de na hábhair. Áirítear ar na prionsabail sin an tábhacht a bhaineann le feasacht agus tuiscint leanaí agus daoine óga ar a gcearta a ardú; rud a thugann deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; agus a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga gníomhú go haoisoiriúnach chun tionchar a imirt agus athrú a chur ar chúrsaí.

### Naisc leis an gCuraclam Bunscolaíochta

Tacóidh na hábhair seo le do chuid oibre chun roinnt gnéithe den churaclam bunscolaíochta a sheachadadh, lena n-áirítear SPHE, an Litearthacht, na mAmharcealaíona agus an Ceol.

# Gníomhaíocht 1: Cearta Leanaí a Léarscáiliú

### Cuspóir:

- Chun tuiscint leanaí ar smaoineamh na gceart agus ar chearta leanaí a fhorbairt
- Aithne a chur ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC)
- Smaoineamh go mbaineann feidhm le cearta leanaí do gach leanbh i ngach aon áit

### Ceisteanna treoracha:

- Cad is cearta ann?
- Cad is cearta leanaí ann?
- Cén fáth a mbaineann tábhacht leis an UNCRC?

### Torthaí na foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoin:

- an fáth go mbaineann tábhacht leis an UNCRC
- an caoi ina mbaineann feidhm le cearta leanaí do gach leanbh i ngach aon áit

### Na rudaí a bheidh ag teastáil uait:

- Do gach grúpa beag, leathanach A3 amháin leis an gceannteideal 'Tá an ceart ag leanaí chun ...' agus pinn luaidhe/pinn chun scríobh leo
- An Ceol
- Cóipeanna den phóstaer um Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 1) agus/nó taispeáin an pdf den phóstaer UNCRC ar láithreán gréasáin an OCO ar an gclár bán

**Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú nó leathnú**

- I leith gach grúpa leanaí, tacar siombailí lena léirítear cearta leanaí (Acmhainn 2)
- Leabhar scéalta: I Have the Right to be a Child le hAlain Serres agus Aurelia Fronty (ar fáil ar YouTube: www.youtube.com/watch?v=tOsq5MVXZzk)

# Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Cearta a Thaiscéaladh

1. Tabhair an chéad tuiscint do na leanaí i leith choincheap na gceart trí mholadh gur nithe atá sna cearta ar cheart do dhaoine bheith acu (m.sh. uisce glan) agus ar chóir dóibh bheith in ann a dhéanamh (m.sh. a gcuid tuairimí a nochtadh). Iarr ar na leanaí chun ciorcal a dhéanamh. Agus an leid 'Tá ceart againn chun...' agus 'Smaoinigh, Beirteanna, Comhroinnt', tacaigh leis na leanaí chun rannsachadh na smaointe faoi na cearta a cheapann siad bheith ag leanaí agus breac síos a gcuid moltaí. Éascaigh do chomhrá leis na leanaí faoina gcuid smaointe, ag díriú ar dtús ar théamaí comónta ó na beirteanna sula bpléitear lena smaointe níos doimhne. Is féidir leas a bhaint as na ceisteanna seo a leanas chun tacú leis sin:

- Cé mhéad beirteanna a raibh smaoineamh acu i ndáil le ... (M.sh. Bia, súgradh, cúram sláinte, oideachas, baile, sábháilteacht, teaghlach agus cúram, srl.)?
- Cén fáth an gceapann tú go mba chóir go mbeadh an ceart ag leanaí chun ....?
- An aontaíonn/easaontaíonn duine ar bith eile leis an smaoineamh seo?

## Forbair mar seo: Cearta Leanaí a Léarscáiliú

2. Iarr ar na leanaí chun grúpaí beaga a bhunú de cheathrair nó cúigear. Iarr ar gach grúpa chun labhairt faoin gcomhrá sa chiorcal roimhe sin agus chun aontú ar na cearta a cheapann siad bheith tábhachtacht do leanaí agus iad a bhreacadh síos ar leathanach A3 leis an gceannteideal 'Tá an ceart ag Leanaí chun...'. Mínigh do na leanaí go bhfuil siad chun a gcuid smaointe a chomhroinnt lena chéile.
3. Ag leagan a leathanaigh A3 ar gach aon bhord, iarr ar na leanaí chun dul timpeall an tseomra agus an ceol á chasadh. Nuair a thagann an ceol chun stad, suíonn na leanaí ag bord éagsúil óna mbuncheann. Déanann siad iniúchadh agus plé ar na cearta scríofa ar an leathanach A3 agus tagann siad ar chinneadh ar chóir cearta breise a thaifeadadh.
4. Athdhéan céim 3 roinnt uaireanta (comhionann le líon na ngrúpaí), agus na leanaí ina suí ag bord éagsúil gach aon uair.
5. Iarr ar na leanaí chun filleadh ar a mbunghrúpaí agus éascaigh do gach grúpa chun na cearta a thaifeadtar ar a leathanach a chur faoi bhráid. Forbair liosta ranga aontaithe de chearta leanaí, bunaithe ar láithreoireachtaí na leanaí agus taifead an liosta ranga ar leathanach páipéir ar leithligh nó ar an gclár bán.

## Críochnaigh mar seo: An UNCRC a chur in aithne

6. Tabhair an smaoineamh isteach gur aontaigh tíortha ar fud an domhain ar liosta um chearta an linbh do gach leanbh i ngach áit. Mínigh go dtugtar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar an gcomhaontú sin.
7. Tabhair amach cóipeanna den phóstaer um Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 1) agus/nó taispeáin an pdf den phóstaer sin (ar fáil ar láithreán gréasáin an OCO) ar an gclár bán. Éascaigh do leanaí chun comparáid a dhéanamh idir a liosta ranga de chearta leanaí, leis na cearta ar taispeáint sa phóstaer. Is féidir leis na ceisteanna seo a leanas bheith mar threoir don chomparáid:

- Rinneamar taifead inár liosta ranga an ceart chun .... An bhfuil an ceart sin ar an bpóstaer?
- An bhfuil cearta ar ár liosta ranga nach féidir linn a fheiceáil ar an bpóstaer?
  - An bhfuil cearta ar an bpóstaer atá cosúil le na cearta ar ár liosta?
- An bhfuil cearta ar an bpóstaer nach bhfuil ar ár liosta ranga? Más amhlaidh, céard iad féin agus ar chóir dúinn iad a chur lenár liosta ranga?
- Cén fáth an síleann sibh gur chinn tíortha ar fud an domhain go mba chóir go mbeadh an cearta ag leanaí ar fud na háite chun ....?

8. Tacaigh leis na leanaí chun machnamh faoi na ceisteanna 'Céard a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Céard ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Is féidir an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint mar tá fadhb le spás, trí na póstaeir A3 a bhogadh ó ghrúpa go grúpa seachas na leanaí bheith ag bogadh ó bhord go bord/ó phóstaer go póstaer. Is féidir gach comhphlé a stiúradh i bhformáid chiorcail nó le leanaí ina suí ina gcuid grúpaí.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a leathnú:

**I Have the Right to be a Child**
Léigh an scéal seo do na leanaí le hAlain Serres agus le hAurelia Fronty nó taispeáin dóibh físeán den scéal seo ar YouTube ag www.youtube.com/watch?v=tOsq5MVXZzk

**Tóraíocht Taisce faoi Chearta Leanaí**
Mínigh do na leanaí go rachaidh siad ar thóraíocht taisce um chearta an linbh ina scoilsean. Tabhair tacar siombailí faoi chearta leanaí do gach grúpa (Acmhainn 2), le spota daite nó uimhir le gach tacar chun feidhmiú ar son grúpa éagsúil. Taithí a thabhairt do na leanaí i leith na gníomhaíochtaí, roghnaigh dhá nó trí cinn de na cearta agus iarr ar na leanaí 'Cá bhfaighimis an ceart chun .... inár scoil?'.

Taiscéalann na leanaí ina ngrúpaí an scoil agus tailte na scoile, agus cuireann siad siombail san áit ina síleann siad gur féidir teacht ar an gceart dá bhfeidhmíonn sé mar shiombail dó. Nuair a bhíonn gach ceann de na cearta curtha ag na leanaí, filleann siad ar an seomra ranga. Nuair atá gach grúpa tar éis filleadh, tabhair na leanaí ar shiúlóid ranga, ag cloí le rian de cheart faoi leith (m.sh. Gach áit lipéadaithe leis an gceart chun súgartha) nó gach ceann de na cearta a bhaineann le spás faoi leith (e.g. cearta éagsúla curtha i gclós nó halla na scoile).  Nóta ina bhfaightear codarsnacht idir spásanna, cearta éagsúla, srl. le rannchur ó gach grúpa agus pléigh a roghanna.

## Gníomhaíocht 2: Cearta Leanaí a Fhíorú

### Cuspóir:

An smaoineach a thabhairt isteach:

- go bhfeidhmíonn daoine fásta agus eagrais éagsúla róil chun cuidiú le cearta leanaí a fhíorú
- go mbíonn oibleagáid ag gach Stát (tír), a dhaingníonnn Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun urraim a léiriú, cosaint a thabhairt agus cearta an linbh a chomhlíonadh faoin UNCRC do leanaí a chónaíonn ina dtírsea.

### Ceisteanna treoracha:

- Cá mbíonn cearta leanaí le feiceáil?
- Cé hiad na daoine/grúpaí sna háiteanna úd ag a mbíonn ról chun cuidiú le cearta leanaí a fhíorú?

### Torthaí na foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoin:

- baill teaghlaigh agus pobail a chuidíonn chun cearta leanaí a fhíorú in áiteanna éagsúla

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Léarscáil sráide de cheantar áitiúil - cóip A3 amháin in aghaidh an ghrúpa de cheathrar leanaí
- Póstaer faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 1)
- Nótaí greamacha agus marcóirí

**Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú nó a leathnú**

- Físeán OCO faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (ar fáil ag vimeo. com/203109950)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Cearta Leanaí a léarscáiliú sa cheantar áitiúil

1. Tabhair cóip den léarscáil den cheantar áitiúil do gach grúpa.
2. Má tá áiteanna lipéadaithe sa léarscail (m.sh. scoil, ospidéal, stáisiún garda), lean ar aghaidh chuig Céim 3 ansin. Mura bhfuil aon áiteanna lipéadaithe sa léarscáil, iarr ar an rang chun áit thábhachtach ar bith a ainmniú sa cheantar áitiúil. Nuair a bheidh na háiteanna sin ainmnithe, iarr ar na leanaí ina gcuid grúpaí chun áiteanna a shuíomh agus a tharraingt ar a léarscáilsean.

3. Tabhair cóip den phóstaer um Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 1) do gach leanbh. Iarr ar na leanaí chun oibriú le chéile ina gcuid grúpaí i dtaca lena léarscáileanna faoi seach mar ar féidir leo teacht ar a gcuid ceart (m.sh. an ceart chun súgartha, an ceart chun scíth a ligean, an ceart do chúram sláinte, an ceart chun sábháilteachta, an ceart chun éisteachta, an ceart chun is go mbeadh do chearta ar eolas agat, an cheart do bhia agus uisce). Mol do na leanaí ina leith sin gur féidir teacht ar chearta áirithe i níos mó ná áit amháin.
4. Éascaigh do na grúpaí chun a gcuid léarscáileanna a chomhroinnt, agus chun léarscáil ranga a thiomsú ar an gclár/gclár bán.

## Forbair mar seo: Róil a thaiscéaladh ar féidir leo cuidiú chun cearta leanaí a fhíorú

5. Trí leas a bhaint as 'Smaoinigh, Cuir ina mBeirteanna, Comhroinn', tabhair cuireadh do na leanaí chun smaoineamh faoi agus chun plé a dhéanamh faoi na daoine fásta i ngach áit ar léarscáil an ranga ag a mbíonn ról le feidhmiú chun a gcuid ceart a fhíorú (m.sh. Ionad sláinte áitiúil – ceart do chúram sláinte – lia/altra).
6. Iarr ar na leanaí chun na daoine fásta sin a tharraingt agus a lipéadú ar nótaí greamacha. Cuir a gcuid nótaí greamacha le léarscáil an ranga.
7. Ag glacadh le gach duine fásta ar seal a chéile, fiafraigh de na leanaí a gcuid smaointe faoin méid a theastódh ó duine fásta chun tacú leo chun cuidiú le cearta leanaí a fhíorú. Tacaigh leis na leanaí chun machnamh faoi cad nó cé a bheadh freagrach as cad a theastaíonn uaidh daoine fásta chun tacú leo ina gcuid ról (m.sh. teastaíonn oiliúint ó múinteoirí chun leanaí a mhúineadh agus freastalaíonn siad ar an gcoláiste chun an oiliúint riachtanach a fháil).

   **Nóta do Mhúinteoirí:** Áirítear leis na cineálacha acmhainn a phléifeadh na leanaí acmhainní nithiúla, airgeadais, oideachasúla agus/nó eagrúcháin. Cé nach gá do na leanaí bheith feasach faoi chatagóirí mar sin, féadfaidh na ceisteanna seo a leanas tacú leis an bplé, ag brath ar mholtaí na leanaí féin:

- Céard a theastaíonn ó na daoine fásta a d'ainmnigh sibh chun a ról a fheidhmiú go maith?
- Cé uathu a bhfaigheann siad ....? Cé a bhíonn freagrach as ... a sholáthar?
- An féidir leo é a dhéanamh astu féin, nó an bhfuil daoine fásta eile nó grúpaí ann a fhéadann/chaitheann cúnamh a thabhairt dóibh?

## Críochnaigh mar seo: Cuireadh a thabhairt do 'chosantóir chearta leanaí' chun cuairte

8. Aithin duine fásta ar pléadh a ról i measc na leanaí, le nasc acu le cearta leanaí (m.sh. Múinteoir, SNA, tiománaí an bhus scoile, garda, altra, dochtúir, tuismitheoir, cóitseálaí spórt). Tabhair cuireadh don duine fásta chun labhairt leis na leanaí faoina ról, agus faoin gcaoi ina mbaineann sé le saol na leanaí.
9. Tacaigh leis na leanaí chun ceisteanna a fhorbairt le cur ar an duine fásta sula dtagann siad ar a gcuairt, agus chun smaoineamh faoi bhealaí ina bhféadfaidís a gcuid foghlama faoi chearta leanaí a chomhroinnt. D'fhéadfá ceisteanna na leanaí a chomhroinnt leis an duine fásta roimh an gcuairt féin. B'fhéidir gur mhaith leat freisin tacú leis na leanaí chun deimhniú a chruthú lena thabhairt do gach duine fásta nuair a thagann siad ar cuairt, ina n-aithnítear iad mar 'chosantóir do chearta an linbh'.

10. Éascaigh do chomhrá le linn na cuairte faoin gcaoi ina dtacaíonn ról an duine fásta le cearta leanaí agus faoin gcaoi inar féidir tacú leis an duine fásta ina ról.
11. Tacaigh leis na leanaí chun machnamh faoi na ceisteanna 'Céard a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Céard ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Iarr ar na leanaí chun a gcuid léarscáileanna féin a tharraingt dá gceantar áitiúil lena úsáid i gcéimeanna 1 agus 2. Mar mhalairt rogha, forbair léarscáil áitiúil chineálach gan ach crainn, faichí agus bóithre inti lena taispeáint ar an gclár bán. Iarr ar na leanaí chun íomhánna/siombailí a fhorbairt chun feidhmiú mar léiriú do roinnt de na heochairáiteanna a d'fhéadfá a fháil i bpobal áitiúil éigin, m.sh. bailte, scoil, siopa, clós súgartha, cumann CLG, srl. Tabhair cuireadh do leanaí chun a gcuid íomhánna/deilbhíní a shuíomh sa léarscáil. Lean ar aghaidh ansin ó chéim 3 ar aghaidh.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Ag brath ar leibhéal na tuisceana ag na leanaí, d'fhéadfá leas a bhaint as samplaí chun coincheap an Stáit a thabhairt isteach agus chun an smaoineamh go bhfeidhmíonn an Stát ról tábhachtach chun cearta leanaí a fhíorú (m.sh. Ritheann an tOireachtas dlíthe faoi go leor rudaí éagsúla a théann i bhfeidhm ar leanaí, lena n-áirítear an t-oideachas agus na scoileanna; is é an Rialtas a ghlacann cinntí faoin leas a bhaintear as an airgead poiblí chun cuidiú le cistiú rudaí cosúil leis an oideachas, an cúram sláinte agus an tithíocht). Ba ina leith sin, a d'fhéadfá físeán an OCO a thaispeáint do na leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh(ar fáil ag vimeo.com/203109950), ina léirítear gealltanas Stát na hÉireann chun cearta leanaí faoin UNCRC a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. D'fhéadfá tacú ansin leis na leanaí chun a gcuid tuairimí a nochtadh faoin gcaoi inar thug Éire an gealltanas sin do leanaí agus dá gcearta. Mar shampla, an smaoiníonn siad gur rud tábhachtach d'Éirinn chun an gealltanas sin a thabhairt? Cén fáth/cad chuige nach? Céard iad na heochairnithe a smaoiníonn siad ar cheart bheith ag gach leanbh in Éirinn agus a mbeadh mar chumas acu? An smaoiníonn siad go gcaithfear a thuilleadh a dhéanamh chun cearta leanaí a chosaint in Éirinn, agus más ea, céard ba mhaith leo a dhéanamh?

## Gníomhaíocht 3: Gníomh! Aisling do Chearta Leanaí

### Cuspóir:

- Chun feasacht a fhorbairt i leith chearta leanaí ar scoil agus sa phobal áitiúil
- Chun deiseanna cumarsáide a thabhairt do leanaí le daoine fásta faoi chearta leanaí

### Ceisteanna treoracha:

- Cén aisling atá againn do leanaí agus do chearta leanaí amach anseo?
- Cén chaoi ar féidir linn an aisling sin a chomhroinnt agus a phlé le daoine eile?

### Torthaí na foghlama:

Beartóimid:

- aisling a fhorbairt do leanaí agus do chearta leanaí agus í a chomhroinnt lenár scoil agus leis an bpobal áitiúil

### Na Rudaí  a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Ábhair chun póstaeir a chruthú

**Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú nó a leathnú**

- Fístaifeadán
- Ceamara
- Ábhair eile de do rogha féin

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Aisling a chruthú do Chearta Leanaí

1. Tacaigh leis na leanaí chun rannsachadh na smaointe dá mianta do leanaí agus dá gcearta sa todhchaí. Iarr ar na leanaí chun a gcuid mianta a scríobh agus a léiriú.

### Forbair mar seo: Ár n-aisling do Chearta Leanaí a chumarsáid

2. Cuidigh leis na leanaí chun taispeántas a chruthú (m.sh. póstaer mór nó sraith póstaer) faoin gceannteideal 'Ár mianta do leanaí agus dá gcearta'.

### Críochnaigh mar seo: Ár n-aisling do Chearta Leanaí a phlé

3. Tabhair cuireadh do bhaill de phobal na scoile (leanaí eile, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí) agus don phobal áitiúil chun teacht agus féachaint ar an taispeántas. Bain leas as an taispeántas mar phointe tosaigh do na leanaí agus daoine fásta i láthair chun a gcuid mianta a chomhroinnt do leanaí agus do chearta an linbh amach anseo.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Má tá an toiliú agus an trealamh riachtanach agat, d'fhéadfá leas a bhaint as an bhfístaifeadán chun na leanaí a thaifeadadh ag cur in iúl a gcuid mianta do leanaí agus do chearta leanaí. D'fhéadfaí an físeán sin a thaispeáint ar scoil nó i suíomh malartach pobail áitiúil ach a mbeadh sé déanta, mar chuid d'imeacht um chearta leanaí agus mar phointe tosaigh mhalartach do na leanaí agus aosaigh i láthair chuin a gcuid mianta a chomhroinnt do leanaí agus do chearta leanaí.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Ag baint leasa as modh amháin nó níos mó (m.sh. Balla graffite, crann mianta), tacaigh le leanaí agus daoine fásta eile ag freastal ar an imeacht chun a gcuid mianta a thaifeadadh i leith leanaí agus chearta leanaí. Má chuimsítear cearta leanaí leis an bpleanáil scoile fhadtéarmach do scoilse, d'fhéadfaí mianta na leanaí agus na daoine fásta a thaifeadadh (m.sh. trí ghrianghraif) agus a áireamh le taisceadán todhchaí ar féidir teacht ar ais chuige amach anseo. D'fhéadfaí earraí eile cruthaithe nó soláthraithe ag leanaí agus daoine fásta sa phobal a áireamh leis an taisceadán todhchaí, chun feidhmiú dá mianta do leanaí agus do chearta leanaí.

# Acmhainn 1 - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Is comhaontas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostaíonn na cearta ba choir a bheith ar fáil do gach leanbh agus duine óg suas go 18 mbliana d'aois. Ba chóir go mbeadh taithí ag gach leanbh ar na ceartaí seo agus iad ag fás anuas.



## Acmhainn 2: Siombailí chearta leanaí



ombudsman
do leanaí
for children

UN CRC 25

Children Now, Rights Now

Centre for
Human Rights
and
Citizenship
Education

DCU Institute of Education